# Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta: Cruinniú 2, an 3 Samhain 2025

| **Cruinniú #2 den Mheitheal Forbartha le haghaidh Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta<br>Cur Síos Gairid** | |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte agus cur in aithne** | Chuir an cathaoirleach fáilte roimh an meitheal agus rinne nóta de na leithscéalta agus d'éascaigh sé babhta cur in aithne do chomhaltaí nua. |
| **Cáipéis eolais agus treoir** | Thug an Feidhmeannas nuashonrú achomair maidir leis an gcomhairliúchán ar an gCáipéis eolais agus treoir don Athbhreithniú ar Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta, ag meabhrú don mheitheal go mbeidh deireadh leis an gcomhairliúchán ar an 12 Samhain agus á spreagadh chun faisnéis a scaipeadh faoin gcomhairliúchán i measc a gcuid eagraíochtaí agus líonraí. |
| **Réasúnaíocht, aidhmeanna, leanúnachas agus dul chun cinn** | Ag obair dóibh i ngrúpaí beaga, rinne an mheitheal dréacht-théacs na réasúnaíochta a chur chun cinn agus tosaíodh an obair ar na codanna ina bhfuil aidhmeanna agus leanúnachas agus dul chun cinn sa tsonraíocht. |
| **Struchtúr** | Bhí plé comhchéime ann maidir le struchtúir fhéideartha don tsonraíocht athfhorbartha. |
| **Conclúid agus na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an cathaoirleach buíochas leis an meitheal as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht.<br><br>An Chéad Chruinniú Eile: 9 Nollaig 2025. |